C/2026/5156

6.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12548 — VITAMIN WELL GROUP / EMPWR NUTRITION GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5156)

1. An 25 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vital Bidco AB ('Vital', an tSualainn), faoi rialú Cinven Limited (an Ríocht Aontaithe),

— EMPWR Nutrition Group ('EMPWR', an Bheilg), faoi rialú Waterland Private Equity Investments B.V. (an Bheilg).

Gheobhaidh Vita rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar EMPWR ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Vital agus is cuid de Vitamin Well Group é, ar cuideachta bia agus deoch feidhmiúla é a mhargaíonn agus a dhíolann barraí sneaiceanna próitéine, deochanna feidhmiúla agus deochanna fuinnimh, chomh maith le creatháin ardphróitéine agus deochanna atá réidh le hól in LEE agus ar fud an domhain,

— Is forbróir agus monaróir conartha barraí sneaiceanna feidhmiúla d'úinéirí branda agus do mhiondíoltóirí é EMPWR atá gníomhach ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12548 — VITAMIN WELL GROUP / EMPWR NUTRITION GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.